

Preaseisiúint ó FRA

Vín/an Bhruiséil, 28 Samhain 2018

Is minic a fhulaíngíonn daoine gorma san AE ó chiníochas, droch-thithíocht agus droch-phoist

Tá deacrachtaí do-ghlactha ag daoine gorma san AE i rudaí simplí amhail áit chónaithe a fháil nó post measartha maith a aimsiú, mar gheall ar dhath a gcaicinn, is é sin de réir thorthaí ó shuirbhé mór a rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. Tá ciapadh ciníoch fós róchoitianta freisin.

"Sa 21^ú céad, níl leithcheal ciníoch inleithscéil. Mar sin féin, fulaíngíonn daoine gorma san AE fós ó leibhéal fhorleathana agus dho-ghlactha leithcheala agus ciaptha mar gheall ar dhath a gcaicinn," a deir Stiúrthóir FRA [Michael O'Flaherty](#). "Ní mór dúinn deireadh a chur leis seo go deo. Chuige sin, ní mór do Bhallstáit beartais agus dlíthe éifeachtacha agus dírithe a bheith acu le háirithiú go gcuirtear daoine gorma go hiomlán san áireamh inár sochaí."

Léirítear sa tuarascáil [Being Black in the EU](#) an méid mór dúshlán atá roimh dhaoine gorma.

Cuir i gcás ciapadh ciníoch: deir 30% d'fhreagróirí gur fhulaing siad ó chiapadh ciníoch sna cúig bliana seo a chuaigh thart; rinneadh ionsaí fisiciúil ar 5% acu. Dá bhrí sin, ba chóir do na Ballstáit iarrachtaí níos mó a dhéanamh chun tacú le híospartaigh chiníochais ar bhealach níos fearr agus chun na daoine a dhéanann an choir a ionchúiseamh mar is ceart.

Tá leithcheal ciníoch ina fhadhb fós freisin. D'fhulaing thart ar an gceathrú cuid de dhaoine gorma leithcheal ciníoch ag an obair nó nuair a bhí siad ag lorg oibre. Tá daoine gorma óga go háirithe leochaileach; i roinnt tíortha ní raibh suas le 76% ag obair, in oideachas nó faoi oiliúint, i gcomparáid le 8% den daonra i gcoitinne. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit bearta spriocdhírithé a fhorbairt chun leithcheal den chineál sin a chosc. D'fhéadfadh sé seo a áireamh iniúchtaí éagsúlachta in ionaid oibre agus feachtais earcaíochta san earnáil phoiblí i measc daoine gorma.

Is saincheist eile í an tithíocht: deir 14% d'fhreagróirí nach ligfeadh tiarnaí talún príobháideacha cóiríocht ar cíós dóibh. Tá sé seo go háirithe fadhbach, mar níl ach 15% acu ina n-úinéirí maoine, i gcomparáid le 70% den phobal i gcoitinne. Ina theannta sin, ta cónaí ar 45% acu i dtithíocht plódaithe i gcomparáid le 17% den phobal i gcoitinne, rud a léiríonn an riachtanas atá ag Ballstáit feabhas a chur ar cháilíocht na tithíochta agus deireadh a chur le heisiamh tithíochta.

Is saincheist eile í próifíliú idirdhealaitheach i stadanna póilíní: stad na póilíní 24% de na freagróirí go léir sna cúig bliana seo a chuaigh thart. I measc na ndaoine sin a stadadh, mheas 41% acu gur próifíliú ciníoch a bhí sa stad, rud a bhaineann den mhuintir i bpóilíneacht agus i gcaidreamh pobail. Chun cur ina choinne sin, ba cheart do Bhallstáit treoir shonrach phraiticiúil a fhorbairt do phóilíní ionas gur féidir leo próifíliú neamhdhleathach a sheachaint - foilseoidh FRA treoirleabhar ar an 5 Nollaig ar conas próifíliú neamhdhleathach a sheachaint. Bheadh treoir ar phóilíneacht phobail ina cuidiú freisin.

Déantar sa tuarascáil seo imscrúdú ar an eispéireas ag beagnach 6,000 daoine gorma in 12 Bhallstát AE, mar chuid den [2^ú EU Minorities and Discrimination survey](#). Bailíodh faisnéis ó bhreis is 25,500 daoine a bhfuil cúlra inimirceach nó mionlaigh eitnigh ag baint leo, lena n-áirítear Romaigh agus Rúisigh, i ngach ceann de 28 mBallstát AE. Cuireann sé leis [an gcéad shuirbhé den chineál sin](#) de chuid FRA, ó 2008.

Le tuilleadh faisnéise a fháil, téigh i dteagmháil le do thoil le: media@fra.europa.eu /
Teil.: +43 1 580 30 642